**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2007***

# *Staidéar Foirgníochta*

## *Teoiric - Gnáthleibhéal*

***(200 marc)***

***Dé Céadaoin, 20 Meitheamh***
***Tráthnóna, 2:00 go 4:30***

***(a)*** *Freagair* **Ceist 1** *agus* ***trí*** *cheist eile.*
***(b)*** *Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.*
***(c)*** *Ní mór na freagraí a scríobh i ndúch.*
***(d)*** *Ní mór na líníochtaí agus na sceitsí a dhéanamh le peann luaidhe.*
***(e)*** *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir roimh gach freagra ar leith.*
***(f)*** *Ba chóir saorsceitsí néata a dhéanamh chun tuairiscí scríofa a léiriú.*
***(g)*** *Ní mór ainm, méideanna, toisí agus sonraí riachtanacha eile i gcás gach ábhair ar leith a luaitear a bhreacadh ar an líníocht.*

**1.** Is urlár soladach coincréite le bailchríoch tíleanna cairéil 20 mm é urlár na talún i gcistin, mar a thaispeántar. Is blocbhalla seachtrach coincréite 300 mm le cuas inslithe ann balla na cistine. Tá an balla plástráilte ar an dá thaobh. Is fotha stéille traidisiúnta é an fotha.

**(a)** Tarraing, de réir scála 1:5, gearradh ceartingearach tríd an mballa seachtrach agus urlár na talún. Ba chóir go dtaispeánfadh an gearradh na sonraí tógála uile ó bhun an fhotha go 300 mm os cionn leibhéal críochnaithe an urláir.
***Nóta****: Ni gá na caibinéid chistine a thaispeáint ar do líníocht.*


**(b)** Mol clúdach urláir, seachas tíleanna, a bheadh oiriúnach do urlár na cistine agus tabhair **dhá** fháth le do rogha



**2.** **(a)** Bain úsáid as nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** agus taispeáin **dhá** chúinse is cóir a chur san áireamh agus píobáin séarachais á leagan do theach cónaithe lena chinntiú go dtógfar amach go sábháilte an séarachas ón teach.

**(b)** Tá dúnpholl iniúchta sa suíomh **A** sa sceitse den chóras séarachais do theach cónaithe, mar a thaispeántar. Bain úsáid as nótaí ***agus sceitsí néata saorláimhe*** agus taispeáin gearradh ceartingearach tríd an dúnpholl iniúchta.

Bíodh na nithe seo a leanas sa sceitse agat:
- fotha coincréite;
- sliosbhallaí;
- suíomh na draenach;
- binseáil don draein;
- clúdach an dúnphoill iniúchta.





**(c)** Tabhair fáth **amháin** leis an dúnpholl iniúchta a bheith suite ag **A** mar a thaispeántar.

**3.** Taispeántar sa sceitse coire olabhreoslaithe agus sorcóir indíreach do chóras uisce the i dteach cónaithe.

**(a)** Bain úsáid as ***léaráid néata aonlíneach le lipéid*** agus taispeáin an phíbobair atá riachtanach leis an gcoire, an sorcóir agus an umar borrtha a cheangal.


Bíodh na nithe seo a leanas sa sceitse agat:
- coire agus sorcóir;
- umar borrtha;
- príomhphíobán ardaitheach;
- píbobair;
- insliú;
- comhlaí.



**(b)** Ar an léaráid, bain úsáid as saighde agus taispeáin treo shruth an uisce the idir an coire agus an sorcóir.

**4.** Taispeántar sa sceitse balla gairdín atá 1.5 méadar ar airde os cionn an chosáin choincréite atá buailte leis. Is blocbhalla soladach coincréite 225 mm é an balla agus tá an cosán 1.2 méadar ar leithead. Tá an balla plástráilte ar an dá thaobh agus tá barrchaidhp choincréite réamhtheilgthe air, mar a thaispeántar.


**(a)** Tarraing, de réir scála 1:10, gearradh ceartingearach tríd an mballa agus tríd an gcosán. Ba chóir go dtaispeánfadh an gearradh na sonraí tógála ó bhun fhotha an bhalla go barr na barrchaidhpe coincréite.



**(b)** Bain úsáid as ***nótaí agus sceitsí néata saorláimhe*** agus taispeáin conas a thógtar an balla sa chaoi go mbeidh sé ceartingearach agus díreach **araon**.

**5.** **(a)** Liostaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta faoi leith nach mór cloí leo agus iad seo a leanas in úsáid:

- uillinnmheilteoir chun barra treisithe de chruach bhog a ghearradh;
- gunna tairní le caolach adhmaid a fheistiú le balla coincréite;
- seolán insínte leictreach ar láithreán tógála.



**(b)** Bain úsáid as ***sceitsí néata saorláimhe,*** agus taispeáin na comharthaí sábháilteachta a chuireann in iúl go gcaithfear an feisteas sábháilteachta pearsanta seo a leanas a chaitheamh:

- hata crua;
- spéaclaí cosanta.

**(c)** Breac síos **dhá** réamhchúram sábháilteachta sa bhreis nach mór d'oibrí ar láithreán tógála cloí leo le sábháilteacht phearsanta a chinntiú.

**6.** **(a)** Liostaigh **dhá** chúinse ina n-úsáidtear coincréit réamh-mheasctha go rialta i dtógáil teach cónaithe agus pléigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le húsáid coincréit réamh-mheasctha in ionad coincréite a mheasctar ar an láithreán.

**(b)** Bain úsáid as nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** agus taispeáin conas a dhéantar tástáil sleabhctha ar chnuas coincréite.

**(c)** Bain úsáid as ***notaí agus sceitsí néata saorláimhe*** agus taispeáin an suíomh ceart don chruach threisithe i lindéar coincréite.

**7.** Bain úsáid as ***nótaí agus sceitsí néata saorláimhe*** agus mínigh **cúig** cinn ar bith díobh seo a leanas:

- feiralt;
- sú-adhmad;
- tirimlíneáil;
- maide balla;
- alt comhbhrú;
- ballacheangal;
- bacainn radóin


**8.** Tá insliú teirmeach tábhachtach i dtógáil teach cónaithe.

**(a)** Bain úsáid as nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** agus taispeáin suíomh an chuilt inslithe theirmeach in áiléar teach cónaithe nua.

**(b)** Taispeáin go soiléir ar do sceitse suíomh galbhacainne agus tabhair fáth **amháin** go gcaithfear í a shuíomh san áit a léirítear.

**(c)** Breac síos **dhá** réamhchúram sábháilteachta nach mór cloí leo agus cuilt inslithe theirmeach á cur in áiléar.

**9.** Taispeánann an sceitse a ghabhann leis seo an chéad urlár i dteach cónaithe. Tá giarsaí adhmaid ann, cláir urláir le teanga agus eitre iontu os a chionn, agus síleáil phlástarchláir faoi.



**(a)** Bain úsáid as ***sceitse néata saorláimhe*** agus taispeáin teanntóga trasnánacha do struchtúr an urláir.

**(b)** Pléigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le húsáid teanntóg trasnánach in ionad teanntóg soladach.

**(c)** Bain úsáid as ***sceitse mór saorláimhe*** agus taispeáin an t-alt teanga agus eitre idir dhá chlár urláir agus liostaigh buntáiste **amháin** a bhaineann leis an modh siúntaithe seo.

**Leathanach Bán**